AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Imlitir 0057/2013

CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS FOIRNE TEAGAISC I MBUNSCOILEANNA

# Rochtain ar phainéal do mhúinteoirí ar théarma seasta/sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus múinteoirí páirtaimseartha don Phainéal Forlíontach Ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2014/15

## Cuid 1

### 1. Réamhrá

Is é cuspóir na himlitreach seo ná na socruithe a leagan amach do rochtain ar na painéil forlíontacha ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2014/15 do bhunmhúinteoirí cláraithe incháilithe i bpoist théarma seasta/shealadacha (lena n-áirítear poist ionaid) agus i bpoist pháirtaimseartha i mbunscoileanna aitheanta.

### 2. Struchtúr na bPainéal

(i) Cruthaítear gach príomhphainéal ath-imlonnaithe le haghaidh buanmhúinteoirí agus múinteoirí a bhfuil CID acu le cois d'fhonn a chinntiú go dtairgtear folúntais bhuana (agus folúntais ar théarma seasta más gá) ar an gcéad dul síos do na múinteoirí sin.

(ii) Cruthaítear an Painéal Forlíontach le haghaidh bunmhúinteoirí incháilithe i bpoist théarma seasta/shealadacha (ar a n-áirítear poist ionaid) agus i bpoist pháirtaimseartha a shásaíonn na critéir chuí incháilitheachta atá leagtha amach i gCuid 2 den imlitir seo.

(iii) Bainfear úsáid as an bPainéal Forlíontach a bhunófar de réir na socruithe atá leagtha amach sa imlitir seo do cheapacháin i bpoist **bhuana** teagaisc i mbunscoileanna sa chás amháin nach bhfuil na poist sin ag teastáil chun imlonnú buanmhúinteoirí agus múinteoirí CID le cois a éascú. Tá na sonraí cuí leagtha amach i bhfoirm Cheisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin na Roinne**.**

(iv) Ní úsáidtear an Painéal Forlíontach chun poist ar théarma seasta i scoileanna a líonadh.

## 3. Deireadh leis na bPainéal Náisiúnta Speisialta Forlíontach

Ó dheireadh na scoilbhliana 2012/13 tá deireadh á chur de réir a chéile leis an bPainéal Náisiúnta **Speisialta** Forlíontach agus níltear ag glacadh le haon iarratas nua. Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna an cinneadh sin de bhrí go bhfuil méadú tagtha ar líon na mbunmhúinteoirí atá cáilithe chun dul i mbun oibre i suíomh ar bith (rud nárbh amhlaidh nuair a bunaíodh an painéal ar dtús). Ní bheidh rochtain ar an bPainéal Náisiúnta Speisialta Forlíontach maidir le scoilbhliain 2014/15 ach ag na múinteoirí sin a bhí ar an bPainéal Náisiúnta Speisialta Forlíontach i scoilbhliain 2013/14 agus nach bhfuair post buan teagaisc. Beidh an Roinn i dteagmháil leis na múinteoirí sin go díreach in am trátha.

<u>Is chun buanphoist teagaisc i scoileanna speisialta a líonadh agus é sin amháin</u> a úsáidfear an Painéal Náisiúnta Speisialta Forlíontach seo, poist nach bhfuil de dhíth ar aon slí eile d'ath-imlonnú ar bhuanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois.

Leanfaidh an Príomhphainéal Náisiúnta Speisialta do bhuanmhúinteoirí/múinteoirí CID le cois ag feidhmiú sa ghnáthshlí maidir le poist ábhartha sna scoileanna uile.

## 4. An próiseas iarratais do rochtain ar phainéil

(i) Ní mór do mhúinteoirí incháilithe téarma seasta/sealadach (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus múinteoirí páirtaimseartha ar mian leo iarratas a dhéanamh ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach an fhoirm iarratais in **Aguisín A** a chomhlánú.

(ii) Tabharfaidh an próiseas ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2014/15 deis, ar bhonn píolótach don bhliain sin, do mhúinteoirí atá á gcur ar na príomhphainéil agus ar Phainéil Fhorlíontacha le tabhairt le fios (trí thicbhosca ar an bhfoirm iarratais) má tá suim ar leith acu a bheith ath-imlonnaithe chuig scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Déanfar athbhreithniú ar an gcur chuige píolótach seo i bhFómhar na bliana 2014.

(iii) Agus an fhoirm sin á comhlánú, iarrtar ar mhúinteoirí a dhearbhú go sásaíonn siad na riachtanais incháilitheachta atá leagtha amach i gCuid 2 den imlitir seo. <u>**Ní mór**</u> foirmeacha iarratais ó mhúinteoirí a bheith comhlánaithe ina n-iomláine agus soléite. Iarrthóirí nach soláthraíonn an t-eolas atá de dhíth, <u>**ní phróiseálfar**</u> a gcuid iarratas ná ní bhreithneofar iad le bheith curtha leis na painéil.

(iv) Má rud é, le linn na <u>bliana féilire 2013</u>, gur oibrigh iarrthóir i scoileanna lonnaithe i níos mó ná limistéar painéil amháin (m.sh. scoileanna in dhá dheoise éagsúla) ansin ní mór don iarratas le bheith curtha isteach ar phainéal baint leis an limistéar painéil inar tugadh formhór na seirbhíse sa <u>bhliain féilire 2013</u> nó an limistéar painéil ina bhfuil tú ag teagasc faoi láthair ar an gcoinníoll go bhfuil tú ar conradh (ar a laghad) do theagasc sa limistéar painéil ó 13 Nollaig 2013 go dtí deireadh na scoilbhliana 2013/14. Is í an scoil bhunáite do chúiseanna painéil ná an scoil laistigh den limistéar painéil sin inar tugadh formhór na seirbhíse teagaisc sa <u>bhliain féilire 2013</u> nó an scoil ina bhfuil tú ar conradh (ar a laghad) do theagasc sa limistéar painéil ó 13 Nollaig 2013 go dtí deireadh na scoilbhliana 2013/14.

(v) Chun an próiseas iarratais a shimpliú, bainfidh an Roinn úsáid as an bPárolla reatha agus as eolas ábhartha eile atá coimeádta go lárnach sa Roinn chun na coinníollacha incháilitheachta a sheiceáil.

(vi) Cuirtear in iúl d'iarratasóirí go gcaithfear aon cheisteanna maidir le riaráiste pá agus/nó maidir le scála tuarastail a bheith réitithe le Rannóg Párolla Bunscoile na Roinne roimh **Dé hAoine 13 Nollaig 2013** chun na critéir incháilitheachta atá leagtha amach i gCuid 2 den imlitir seo a bheith sásaithe**.** Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Párolla Bunoideachais le r-phost chuig primtch_payroll@education.gov.ie. Is faoin mhúinteoir atá sé aon cheisteanna párolla a bheith réitithe roimh an dáta deiridh seo toisc nach nglacfaidh An Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí foirmeacha iarratais don Phainéal Forlíontach ar chúinse ar bith.

(vii) Ní mór do na múinteoirí uile a dhéanann iarratas ar phainéal ath-imlonnaithe a seoladh teagmhála r-phoist a bheidh soiléir agus inléite a sholáthar ar mhaithe le hoibriú éifeachtach na bpainéal. Is féidir le bunscoil an seoladh r-phoist sin a úsáid mar phríomhphointe teagmhála le múinteoir agus má theipeann ar mhúinteoir freagra a thabhairt laistigh den tréimhse riachtanach atá leagtha amach sna socruithe ath-imlonnaithe, i.e. trí lá féilire, d'fhéadfaí múinteoir a bhaint den phainéal.

(viii) Ní mór foirmeacha comhlánaithe a bheith faighte ag an Roinn Dé hAoine an **13 Nollaig 2013** nó roimhe sin ag an seoladh seo a leanas:

An Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí

**Tá sé tábhachtach a mheabhrú nach mbreithneofar aon iarratas déanach ar a bheith curtha leis na painéil seo. Ba chóir don mhúinteoir cruthúnas ar phostas a choinneáil.**

(ix) Tá sé de rún ag an Roinn torthaí a n-iarratas a chur in iúl d'iarrthóirí faoin 31 Márta 2014 nó a luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin.

(x) Déanfar seiceálacha eile ag céim an cheapacháin i gcás na múinteoirí sin a cheapfar i bpoist bhuana ó na painéil seo. Mar sin ba cheart do scoileanna agus do mhúinteoirí a bheith ar an eolas go bhféadfadh an próiseas seiceála seo ceapachán beartaithe a chur ó bhail

(xi) Ní mór do mhúinteoirí atá curtha ar an bPainéal Forlíontach agus a ghlacann le post teagaisc don scoilbhliain 2014/15 é sin a cur in iúl láithreach le r-phost chuig an oibreoir painéil.

(xii) Ní mór do múinteoirí atá curtha ar an bPainéal Forlíontach a chinneann ar an bpainéal a fhágáil ar chúis ar bith é sin a chur in iúl don oibreoir painéil láithreach le r-phost. Ba chóir do mhúinteoirí a nótáil nach féidir iad a athchur ar an bPainéal Forlíontach ina dhiaidh sin.

## 5. Fógairt na himlitreach d'fhoireann i do scoil

Led' thoil, tabhair ábhar na himlitreach seo ar aird na foirne cuí i do scoil.

## 6. Athbhreithniú

Déanfar feidhmiú na socruithe seo a athbhreithniú leis na páirtithe leasmhara cuí go déanach sa bhliain 2014 féachaint an gá aon cheartú a dhéanamh le haghaidh na scoilbhlianta ina dhiaidh sin.

**Nótáil, led' thoil** gurb é ceann de na hathruithe a thabharfar isteach don scoilbhliain 2015/16 ná go srianfar incháilitheacht ar an bPainéal Forlíontach do na múinteoirí sin a mbeidh na coinníollacha uile atá le réiteach sásaithe/aon easnamh réitithe acu ag 31 Lúnasa 2014 (i.e. múinteoirí atá cáilithe go hiomlán agus profa faoin dáta sin).

## 7. Fiosruithe

Ar an bpróiseas leithdháilte múinteoirí agus ar ullmhú na bpríomhphainéal ath-imlonnaithe do bhuanmhúinteoirí agus do mhúinteoirí CID, a dhíríonn Rannóg Leithdháileadh Múinteoirí na Roinne go príomha.

Mar sin is teoranta an cumas a bheidh aige chun déileáil le fiosruithe aonair i dtaca leis an imlitir seo.

Déileálfar le fiosruithe den tsórt sin, más cuí, le r-phost amháin, ag an seoladh r-phoist seo a leanas: supplementarypanel14@education.gov.ie

**Tabhair faoi deara, led' thoil** nach ndéanfar an dáta deiridh Dé hAoine 13 Nollaig 2013 a shíneadh amach ar chúinse ar bith, fiú más rud é nach bhfuil freagra eisithe ar fhiosrú roimh an dáta sin.

Hubert Loftus,
Príomhoifigeach
An Rannóg Leithdháileadh Múinteoirí

8 Samhain 2013

# Cuid 2

## Critéir Incháilitheachta do rochtain ar an bPainéal Forlíontach

Ní mór do mhúinteoirí téarma seasta/sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus múinteoirí páirtaimseartha atá ag iarraidh cur isteach ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach gach ceann de na critéir incháilitheachta anseo thíos a shásamh.

**(a) <u>Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta</u>**

Múinteoirí téarma seasta/sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus múinteoirí páirtaimseartha atá:

- cláraithe go hiomlán (gan choinníollacha) leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Alt 31(5) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, <u>Rialachán 2 / Bunscoile</u>

NÓ

- atá cláraithe le coinníollacha faoi Alt 31(5) agus a chomhlíonfaidh ina n-iomláine na coinníollacha clárúcháin faoi Rialachán 2/Bunscoile an 31 Lúnasa 2014, nó roimhe sin

NÓ

- i gcás múinteoirí téarma shocraithe /sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus múinteoirí páirtaimseartha a cláraíodh sa ghnáthchúrsa sa bhliain 2006 agus atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Alt 31(2) agus 31(3) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta mar Bhunmhúinteoirí agus atá láncháilithe tar éis gach gannchion, más ann, a d'aithin an Roinn Oideachais agus Scileanna, a shásamh

NÓ

- i gcás múinteoirí téarma shocraithe /sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus múinteoirí páirtaimseartha a cláraíodh sa ghnáthchúrsa sa bhliain 2006 agus atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Alt 31(2) agus 31(3) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta mar Bhunmhúinteoirí agus a bhfuil gannchion atá ainmnithe ag an Roinn Oideachais agus Oideachais atá fós le réiteach agus a bheith réitithe faoin 31 Lúnasa 2014.

**Promhadh:** Ní mór d'iarrthóirí a dtréimhse phromhaidh a bheith críochnaithe go rathúil acu nó í a bheith críochnaithe faoin 31 Lúnasa 2014.

**(b)** **<u>Riachtanais Incháilitheachta Tuarastail</u>**

**Tá dhá scála tuarastail ann anois faoinar féidir le múinteoir a bheith incháilithe i.e.**

1. ***Múinteoirí a raibh a gcéad cheapachán teagaisc i scoil roimh 1 Eanáir 2011***
2. ***Múinteoirí a raibh a gcéad cheapachán teagaisc i scoil idir 1 Eanáir 2011 agus 31 Eanáir 2012.***

**1. <u>Múinteoirí a raibh a gcéad cheapachán teagaisc i scoil roimh 1 Eanáir 2011:</u>**

(i) ní mór dóibh a bheith, ar an 31 Nollaig 2013 nó roimhe sin, ar an 4ú pointe nó níos airde de scála tuarastail cuí na múinteoirí (nó ar an 5ú pointe nó níos airde i gcás múinteoirí a chuaigh i mbun oibre ar an 3ú pointe ar an scála tuarastail)

(ii) ní mór €29,000 ar a laghad d'olltuarastal (lena n-áirítear liúntais) a bheith íoctha leo i mbliain fhéilire 2013

(iii) má tá siad ar an 4ú pointe de scála tuarastail cuí na múinteoirí (nó ar an 5ú pointe i gcás múinteoirí a chuaigh i mbun oibre ar an 3ú pointe den scála tuarastail) **<u>ní mór dóibh freisin, an 13 Nollaig 2013 nó roimhe</u>**, a bheith ar conradh chun múineadh a dhéanamh **ar feadh an chuid eile den scoilbhliain 2013/14.**

**2. <u>Múinteoirí a raibh a gcéad cheapachán teagaisc i scoil idir 1 Eanáir 2011 agus 31 Eanáir 2012</u>**

(i) ní mór dóibh a bheith, ar an 31 Nollaig 2013 nó roimhe sin, ar an 3ú pointe nó níos airde de scála tuarastail cuí na múinteoirí

(ii) ní mór €26,100 ar a laghad d'olltuarastal (lena n-áirítear liúntais) a bheith íoctha leo i mbliain fhéilire 2013

(iii) má tá siad ar an 3ú pointe de scála tuarastail cuí na múinteoirí **<u>ní mór dóibh freisin, an 13 Nollaig 2013 nó roimhe</u>**, a bheith ar conradh chun múineadh a dhéanamh **ar feadh an chuid eile den scoilbhliain 2013/14.**

***Ní mór do na hiarrthóirí uile a bheith ar cheann de na pointí scála atá sa liosta thíos ar 31 Nollaig 2013 nó roimhe sin***

| **Dáta do chéad cheapacháin** | **POINTE SCÁLA TOSAIGH** | **Ní mór duit a bheith ar an bpointe scála seo ar a laghad ar 31/12/2013 nó roimhe** | **Olltuarastal (lena n-áirítear liúntais) a tuilleadh sa bhliain féilire 2013** |
|---|---|---|---|
| Múinteoirí a raibh a gcéad cheapachán teagaisc roimh 1 Eanáir, 2011 | 2 | 4 | €29,000 |
| | 3 | 5 | €29,000 |
| Múinteoirí a raibh a gcéad cheapachán teagaisc idir 1 Eanáir 2011 agus 31 Eanáir 2012 | 1 | 3 | €26,100 |

## 3. Seirbhís nach bhfuil inríofa do Phainéil Fhorlíontacha

**Ní mór** d'iarrthóirí a dhearbhú ar an bhfoirm iarratais ag Aguisín A cé acu a ndeachaigh buanseirbhís agus/nó creidmheas incriminte mar atá leagtha amach sa tábla anseo thíos i gcion ar a bpointe scála tuarastail reatha.

Is í an tseirbhís inríofa atá ceadaithe do rochtain ar Phainéal Forlíontach ná seirbhís mar mhúinteoir láncháilithe i bpost a íocann an Roinn Oideachais agus Scileanna as **seachas** cineálacha seirbhíse atá leagtha amach sa tábla thíos:

| |
|---|
| Buanseirbhís roimhe |
| Seirbhís roimhe mar mhúinteoir iarbhunscoile |
| Creidmheas incriminte |
| Seirbhís neamhcháilithe |

## 4. Múinteoirí páirtaimseartha

Múinteoirí páirtaimseartha ar mian leo go measfaí iad do rochtain ar an bpainéal, ní mór dóibh na critéir chéanna incháilitheachta mar atá leagtha amach thuas in (a) agus (b) a shásamh. Ach leasófar an tairseach tuarastail don bhliain 2013 (€29,000 nó €26,100 mar is cuí) ar bhonn pro-rata maidir le múinteoirí páirtaimseartha dá leithéid. An Roinn a dhéanfaidh sin ar bhonn cáis maidir le gach iarratas a fhaightear ó mhúinteoir páirtaimseartha a chomhlíonann ar gach slí eile na riachtanais incháilitheachta.

## 5. Múinteoirí a thóg saoire neamhíoctha mháithreachais/uchtála sa bhliain 2013

Leasófar an tairseach tuarastail freisin ar bhonn cáis maidir le múinteoirí a bhí ar saoire neamhíoctha mháithreachais/uchtála agus iad fostaithe i mbunscoileanna aitheanta le linn 2013.

## 6. Pointí Scála Tuarastail

Ba cheart a bpointe féin ar an scála breisíoch tuarastail a bheith ar eolas ag múinteoirí nó bheith in ann é a ríomh ó dhuillín pá reatha. Tá pointí tuarastail breisíoch na mbunmhúinteoirí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

**Cuid 3**

**Seicliosta Achomair do Mhúinteoirí sula líonann siad an fhoirm painéil isteach**

- Má tá tú incháilithe ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach, líon isteach an Fhoirm Painéil (PF2 14/15) agus seol ar ais í chuig:

  **Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí** le bheith faighte **Dé hAoine 13 Nollaig 2013 nó roimhe.**

- Bunófar d'iarratas le bheith curtha ar an bpainéal ar an socruithe ath-imlonnaithe atá leagtha amach sa cháipéis Ceisteanna Coitianta agus nuashonrú ar bith ina leith siúd.

- Tugann an Roinn nuashonrú rialta ar a suíomh gréasáin faoi líon na múinteoirí ar gach painéal.

- Is faoi iarrthóirí atá sé an t-iarratas comhlánaithe a chur faoi bhráid na Roinne ar an dáta deiridh **Dé hAoine 13 Nollaig 2013** nó roimhe (ba chóir don mhúinteoir fianaise ar phostas a choinneáil). Ní ghlacfar le foirmeacha i ndiaidh Dé hAoine 13 Nollaig 2013 ar chúinse ar bith.

- Ón uair a chuirtear d'ainm ar an bPainéal Forlíontach, tabhair faoi deara nach mór duit a bheith ar fáil i gcónaí ag an seoladh r-phoist agus ag sonraí teagmhála atá tugtha agat ar an bhFoirm seo. Má athraíonn tú do sheoladh r-phoist nó sonraí teagmhála eile, ní mór duit é sin a chur in iúl don Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí láithreach.

- Ní mór duit freagra a thabhairt laistigh de thrí lá féilire ar aon iarratas r-phoist le haghaidh agallaimh a dhéanann scoil. Má thugann Bord Bainistíochta tairiscint ar phost duit, ní mór duit freagra a thabhairt ar an tairiscint sin laistigh de na hamlínte riachtanacha, i.e. trí lá féilire. Ní mór diúltú ar thairiscintí a thabhairt le r-phost chuig Bord Bainistíochta.

- Má theipeann ort cloí leis na coinníollacha seo nó aon socrú aontaithe eile mar atá foilsithe, bainfear d'ainm den phainéal.

- Beidh an t-eolas a thugtar ar an bhfoirm seo faoi réir fhíorú ag an Roinn sula gcuirtear d'ainm ar aghaidh chuig an bpátrún ábhartha lena chur ar an bpainéal. Mar sin, tabhair ar aird, le do thoil, nach gcuirfear d'ainm leis an bpainéal go huathoibríoch mar thoradh ar an bhfoirm seo a chomhlánú agus gurb é an pátrún ábhartha a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir le múinteoir a chur ar an bpainéal.

- Déanfar seiceálacha eile ag céim an cheapacháin i gcás na múinteoirí sin a cheapfar i bpoist bhuana ó na painéil seo. Mar sin ba cheart do scoileanna agus do mhúinteoirí a bheith ar an eolas go bhféadfadh an próiseas seiceála seo ceapachán beartaithe a chur ó bhail.

# Aguisín A

*PF2 14/15*

**FOIRM IARRATAIS AR ROCHTAIN AR AN bPAINÉAL FORLÍONTACH LE hAGHAIDH BUNMHÚINTEOIRÍ INCHÁILITHE TÉARMA SEASTA/SEALADACHA (LENA nÁIRÍTEAR MÚINTEOIRÍ IONAID) AGUS BUNMHÚINTEOIRÍ PÁIRTAIMSEARTHA DON SCOILBHLIAI 2014/15**

***NÓTA: Ní mór do na hiarrthóirí do na painéil uile Cuid 1 den fhoirm seo a líonadh isteach go hiomlán.***
***Ní mór d'iarrthóirí ar Phainéil Náisiúnta Le Chéile (Educate Together) agus An Fhorais Phátrúnachta Cuid 2 den fhoirm seo a líonadh isteach freisin.***

***Ní dhéanfar foirmeacha neamhiomlána a phróiseáil.***

## Cuid 1

**Ainm an Phainéil :** ____________________

Cuir isteach: Caitliceach, Eaglais na hÉireann, Le Chéile nó An Foras Patrúnachta.

Do Phainéil Deoise Chaitliceacha nó Eaglais na hÉireann cuir isteach Ainm na Deoise/na Deoise Aontaithe m.sh. Deoise Chaitliceach Chluain/Deoisí Aontaithe na Mí & Chill Dara:

____________________

**Ní mór ainm an phainéil a bheith ionann agus an limistéar painéil inar tugadh formhór na seirbhíse múinteoireachta sa <u>bhliain féilire</u> 2013 nó an limistéar painéil ina bhfuil tú ag teagasc faoi láthair ar an gcoinníoll go bhfuil tú ar conradh (ar a laghad) teagasc ó 13 Nollaig 2013 go dtí deireadh na scoilbhliana 2013/14.**

**Ainm an Mhúinteora:** ____________________ **Uimhir PSP:**____________________

**Uimhir Chláraithe na Comhairle Múinteoireachta:** ____________________

**Uimhir Ghutháin Teagmhála:** ____________________

**Seoladh R-phoist:** ____________________

**Coláiste Oiliúna:** ____________________

**Cáilíodh mar mhúinteoir mé trí (cuir tic sa bhosca cuí):**

B Ed ☐

Iarchéim ☐

Eile, sonraigh led' thoil ____________________

**Tabhair bliain an phromhaidh, led' thoil:** ____________________

**Cuir tic sa bhosca seo má tá suim ar leith agat a bheith ath-imlonnaithe chuig scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge** ☐

**Sonraí scoile : (an scoil inar deineadh formhór mo sheirbhíse múinteoireachta le linn na bliana féilire 2013 nó an scoil lena bhfuil conradh agam (ar a laghad) teagasc ó 13 Nollaig 2013 go dtí deireadh na scoilbhliana 2013/14)**

Uimhir Rolla: ____________________ Ainm na Scoile: ____________________

Seoladh na Scoile: ____________________

Uimhir Ghutháin na Scoile: ____________________

**Clárú**

Táim lánchláraithe (táim cláraithe gan choinníollacha) leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi alt 31(5) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, rialachán 2 / 'Bunscoile' ☐

**Nó**

Táim cláraithe le coinníollacha faoi alt 31(5) agus comhlíonfaidh mé ina n-iomláine coinníollacha mo chlárúcháin faoi Rialachán 2/'Bunscoileanna' ar an 31 Lúnasa 2014. ☐

**Nó**

**Múinteoir a cláraíodh go huathoibríoch sa bhliain 2006**

Táim cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi alt 31(2) agus 31(3) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 faoi 'Earnáil na mBunscoileanna' agus tá mé lánch※áilithe agus tá gach easnamh a d'aithin an Roinn Oideachais agus Scileanna, má bhí aon cheann ann, sásaithe agam ☐

**Nó**

Táim cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi alt 31(2) agus 31(3) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 faoi 'Earnáil na mBunscoileanna' agus tá easnamh a d'aithin an Roinn Oideachais agus Scileanna fós le réiteach agam. ☐

**Pointe Scála (líon isteach (a) nó (b) thíos)**

**(a) Is múinteoir lánaimseartha mé (téarma seasta, sealadach, ionaid). Cuir tic sa bhosca cuí thíos**:

| Thosaigh mé ag teagasc ar Phointe Scála | Beidh mé ar an bpointe scála seo a leanas ar a laghad ar 31 Nollaig 2013 | Beidh m'olltuarastal (lena n-áirítear liúntais) don bhliain féilire 2013 ar a laghad | Cuir tic sa bhosca cuí thíos |
|---|---|---|---|
| 1 | 3 | €26,100 | ☐ |
| 2 | 4 | €29,000 | ☐ |
| 3 | 5 | €29,000 | ☐ |

**(b) Is múinteoir páirtaimseartha mé. Táim fostaithe chun uaireanta páirtaimseartha a theagasc i mbunscoileanna aitheanta don bhliain féilire 2013. Líon isteach meánlíon d'uaireanta páirtaimseartha in aghaidh na seachtaine thíos in aice leis an bpointe scála ábhartha:**

| Thosaigh mé ar an bpointe scála | Beidh mé ar an bpointe scále seo a leanas ar a laghad ar 31 Nollaig 2013 | Cuir isteach meánlíon d'uaireanta páirtaimseartha in aghaidh na seachtaine |
|---|---|---|
| 1 | 3 | |
| 2 | 4 | |
| 3 | 5 | |

**Más rud é, in (a) nó (b) thuas, go ndeachaigh ceann ar bith de na nithe seo a leanas i gcion ar do phointe scála tuarastail, cuir tic sa bhosca cuí thíos.**

**Fág folamh más rud é nach mbaineann sé seo leatsa:**

| | |
|---|---|
| **a) seirbhís teagaisc roimhe mar bhuanmhúinteoir:** | ☐ (cuir tic má chuaigh i gcion) |
| **b) seirbhís teagaisc iarbhunscoile roimhe** | ☐ (cuir tic má chuaigh i gcion) |
| **c) seirbhís teagaisc thar lear** | ☐ (cuir tic má chuaigh i gcion) |
| **d) taithí ábhartha neamhtheagaisc** | ☐ (cuir tic má chuaigh i gcion) |

1. **Thóg mé saoire máithreachais/uchtála neamhíoctha i mbliain féilire 2013** ☐ (cuir tic más fíor)

2. **Táim ar conradh le teagasc ó 13 Nollaig 2013 go dtí deireadh na scoilbhliana 2013/14** ☐ (ná cuir tic ach amháin más fíor)

Déanaim iarratas leis seo ar a bheith curtha leis an bPainéal Forlíontach thuasainmnithe.

1. Tá ciorclán 0057/2013 léite agam agus sásaím na critéir incháilitheachta.

2. Geallaim go gcloífidh mé leis na socruithe ath-imlonnaithe a rialaíonn oibriú an Phainéil Fhorlíontaigh Ath-imlonnaithe ar leibhéal na bunscoile.

3. Tuigim agus toilím, má thugaim aon eolas míchruinn nó míthreorach i gcomhlánú na foirme iarratais seo, go gcuirfear m'iarratas ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach ó bhail.

4. Tuigim agus toilím go gcuirfear na sonraí teagmhála thuas ar fáil do chomhlachtaí cuí agus gur féidir eolas neamhphearsanta a bheith foilsithe ar shuíomhanna gréasáin cuí chun m'ath-imlonnú a éascú.

5. Glacaim leis go mbainfear m'ainm den Phainéal:

   - Mura féidir teagmháil a dhéanamh liom ag baint úsáide as na sonraí thuas
   - Má theipeann orm freagra a thabhairt laistigh de thrí lá féilire ar aon chuireadh r-phoist chun agallaimh ó scoil
   - Má theipeann orm freagra a thabhairt laistigh de thrí lá féilire ar aon tairiscint r-phoist ar phost ó scoil
   - Má dhiúltaím glacadh le tairiscint r-phoist laistigh de na teorainneacha aontaithe faid.

6. Glacaim leis, má ligim do mo chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta dul in éag, nó má bhaintear ón gClár mé ar chúis ar bith, go mbainfear den Phainéal mé agus go gcríochnófar m'fhostaíocht leis an scoil ina bhfuilim ath-imlonnaithe le feidhm láithreach.

7. Glacaim leis go mbeidh mo cheapachán ón bPainéal Forlíontach faoi réir ag :

   - scagadh leighis
   - deimhniú cáilíochtaí.

8. Glacaim leis go mbeidh aon cheapachán ag éirí as an bpainéal seo faoi réir ag riachtanais ghrinnfhiosrúcháin na himlitreach 0063/2010 a shásamh.

9. Glacaim leis go mbeidh aon cheapachán ón bPainéal Forlíontach faoi réir ag na téarmaí agus coinníollacha a leagfar amach sa litir/in aon litir tairisceana ón scoil fostaíochta/fostóir.

10. Tá an Seicliosta Achomair do Mhúinteoirí ag Cuid 3 den fhoirm seo léite agus tuigthe agam.

11. Glacaim leis go mbeidh aon cheapachán ag éirí as an bpainéal seo faoi réir phróiseas seiceála ag an Roinn ag céim an cheapacháin maidir le comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta agus go bhféadfaí aon cheapachán atá beartaithe a dhéanamh neamhbhailí de thoradh an phróisis sin.

12. Geallaim go gcuirfidh mé in iúl don Oibreoir Painéil cuí má ghlacaim le post don scoilbhliain 2014/15 nó má chinnim ar an bpainéal a fhágáil ar chúis ar bith. Tuigim, má fhágaim an painéal ar chúis ar bith, nach féidir má a athchur ar an bpainéal.

Deimhním go bhfuil an t-eolas atá curtha ar fáil agam fíor agus cruinn.

**Síniú an Mhúinteora:** ______________________________ **Dáta:**______________

## Aguisín A - Cuid 2

## Painéil Náisiúnta

### PAINÉIL NÁISIÚNTA LE CHÉILE/EDUCATE TOGETHER NÓ AN FHORAIS PHÁTRÚNACHTA

***Nóta 1: Ná líon isteach an chuid seo má tá iarratas á dhéanamh agat ar rochtain ar Phainéal Deoise Caitlicí nó ar Phainéal Deoise/Deoisí Aontaithe de chuid Eaglais na hÉireann.***

***Nóta 2: Ní mór d'iarrthóirí atá ag líonadh isteach an choda seo Cuid 1 a bheith líonta isteach acu freisin.***

***Níor chóir duit Cuid 2 a líonadh isteach ach amháin má tá iarratas déanta agat ag Cuid 1 ar rochtain ar Phainéil Náisiúnta Le Chéile/Educate Together nó an Fhorais Phátrúnachta.***

Táim sásta breithniú a dhéanamh ar thairiscint poist lasmuigh den teorainn 45 km ó mo scoil reatha.

Cuir ciorcal thart ar Tá nó Níl

Má chuir tú ciorcal ar 'Tá', cuir ciorcal ar na contaetha ar an liosta thíos a mbeifeá sásta tairiscint poist iontu a bhreithniú.

Ceatharlach, An Cabhán, An Clár, Corcaigh, Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Cill Dara, Cill Chainnigh, Ciarraí, Laois, Luimneach, An Longfort, Lú, Maigh Eo, An Mhí, Muineachán, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann, Port Láirge, An Iarmhí, Loch Garman, Cill Mhantáin

Tabhair faoi deara go bhfuil iallach ar na scoileanna sna contaetha ar a chuir tú ciorcal folúntas a thairiscint duit.

**Síniú an Mhúinteora :** ______________________________ **Dáta:**______________